Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2022
(OR. en)

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0178 (NLE)**
**2022/0179 (NLE)**

**10055/22**

**LIMITE**

**ECOFIN 605**
**UEM 177**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) / An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtlitir ó Uachtarán Ecofin chuig an gComhairle Eorpach<br>Méadú an limistéir euro – An Chróit |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, dréachtlitir ó Uachtarán na Comhairle (Ecofin) chuig an gComhairle Eorpach maidir le méadú an limistéir euro (An Chróit).

**COISTE EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAIS**

AN RÚNAÍOCHT

An Bhruiséil, an 17 Meitheamh 2022

PUBLIC

***DRÉACHT***

***Litir ó Uachtarán ECOFIN chuig an gComhairle Eorpach***

***Méadú an limistéir euro – An Chróit***

I gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 140 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE nó an Conradh), phléigh an Chomhairle (ECOFIN) na Tuarascálacha um Chóineasú a d'ullmhaigh an Coimisiún agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE), go háirithe measúnú ar staid an chóineasaithe atá bainte amach ag geilleagar na Cróite chomh maith leis na tograí ón gCoimisiún chun maolú na Cróite a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Ba mhaith liom faoi mo fhreagracht féin tú a chur ar an eolas faoi na príomhghnéithe a bhain le plé na nAirí ag Comhairle Ecofin a tionóladh an 17 Meitheamh. Ní hionann an achoimre seo agus seasamh foirmiúil ón gComhairle (ECOFIN) ach tá sé beartaithe an Chomhairle Eorpach a chur ar an eolas faoinár bpléití. Déanfaidh an Chomhairle na cinntí foirmiúla maidir leis an ábhar sin le linn mhí Iúil, agus na tuairimí ó Pharlaimint na hEorpa agus ó BCE á gcur san áireamh mar aon leis an bplé a rinne an Chomhairle Eorpach agus an moladh ó Bhallstáit an limistéir euro faoi Airteagal 140(2) CFAE.

Phléigh na hairí forbairtí eacnamaíocha sa Chróit agus rinne siad measúnú ar leibhéal cóineasaithe na tíre. Cuireadh béim san idirphlé ar na gnéithe seo a leanas:

- **Airgeadas poiblí:** I ngeall ar ghéarchéim COVID-19, tháinig méadú mór ar easnamh an rialtais i gcoitinne in 2020 (7.3 %). Mar sin féin, in 2021, tugadh an t-easnamh faoi bhun 3 %, a bhuí le téarnamh iomlán eacnamaíoch agus mórchéimniú amach na mbeart sealadach éigeandála de réir a chéile. Tá sé beartaithe ag Clár um Chóineasú 2022 na Cróite easnamh ginearálta an rialtais a laghdú ó 2.9 % de OTI in 2021 go 2.8 % de OTI in 2022 agus 1.6 % de OTI in 2023. I Réamhaisnéis Eacnamaíoch Earrach 2022 an Choimisiúin, táthar ag tuar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais go 2.3 % de OTI in 2022 agus go 1.8 % in 2023. De réir réamhaisnéis an Choimisiúin, meastar go laghdóidh sé sin fiachas poiblí ginearálta an rialtais go 73.1 % de OTI in 2023, an-ghar don leibhéal a taifeadadh in 2019 roimh COVID, agus go dtiocfaidh laghdú air sin as seo go lár na 2020idí, ag glacadh leis go mbeidh difreálach ráta fáis fhabhrach úis ann. Neartaíodh creat fioscach na Cróite go mór le déanaí, a bhuí den chuid is mó le trasuí na gceanglas atá fós gan réiteach sa Treoir ón gComhairle maidir le Creataí Buiséadacha (2011/85/AE). Leis an Acht um an mBuiséad Nua a glacadh i mí na Nollag 2021, tugadh isteach *inter alia* feabhsuithe suntasacha maidir leis an bpróiseas réamhaisnéise agus maidir le comhsheasmhacht agus leibhéal mionsonraithe na bpleananna fioscacha meántéarmacha.
- **Cobhsaíocht praghsanna:** In Aibreán 2022, ba é 4.7 % faoi bhun an luacha tagartha 4.9 % an meánráta boilscithe don 12 mhí. Ar an mórgóir, tá ar tharla sa Chróit i dtaca leis an mboilsciú ar comhréim lenar tharla sa limistéar euro le linn na 10 mbliana a caitheadh roimh ghéarchéim COVID-19. Le míonna beaga anuas, tá an boilsciú sa Chróit dulta ar eisréim ón limistéar euro; cuid dá chúis sin is ea ardú ar phraghas an bhia ach téarnamh eacnamaíoch is tréine ansiúd ná sa limistéar euro is cúis leis freisin. Mar sin féin, meastar go bhfanfaidh an ráta boilscithe faoi bhun an luacha tagartha sna míonna amach romhainn agus gar don mheán sa limistéar euro in 2022 agus in 2023. Chun an Chróit a lánpháirtiú go rathúil sa limistéar euro, beidh gá le faireachán leanúnach a dhéanamh ar roinnt rioscaí ar an taobh thuas ó thaobh boilsciú de agus beartais iomchuí a bheith ag gabháil leis an bpróiseas gabhála. Tá deis ann socrú pá a ailíniú ar bhealach níos fearr le forbairtí táirgiúlachta, agus ról na hearnála poiblí mar cheannaire pá á chur san áireamh. Táthar ag súil go maolóidh cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta (RRP) na rioscaí boilscithe, mar go bhfuil an raon feidhme ag go leor de na hathchóirithe atá san áireamh in RRP cúrsaí iomaíochta a fheabhsú ar an margadh agus costais a laghdú do chuideachtaí, rud a chuirfidh roinnt brú síos ar phraghsanna na dtáirgí deiridh san fhadtéarma.



PUBLIC

– **Seasmhacht an ráta malairte:** An 10 Iúil 2020, chuaigh kuna na Cróite isteach in ERM II; ráta lárnach 7.53450 i gcoinne an euro atá aige, agus banda luaineachta caighdeánach ± 15 %. Le 2 bhliain anuas, tá an kuna den chuid is mó cobhsaí agus luainithe, i mbanda cúng is lú ná +/-1 % dá ráta lárnach i gcoinne an euro. Ar theacht isteach in ERM II, rinne na húdaráis gealltanais iar-iontrála d'fhonn ardleibhéal cóineasaithe eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach sula nglacfaí an euro. Thíolaic an Coimisiún a mheasúnú a dúirt gur cuireadh na gealltanais chun feidhme ina n-iomláine.

– **Rátaí fadtéarmacha úis**: Ba é 0.8 % an meánráta fadtéarmach úis sa Chróit anuas go hAibreán 2022, ráta is ionann agus 1.8 pointe céatadáin faoi bhun an luacha tagartha 2.6 %.

– Tá an **reachtaíocht náisiúnta**, lena n-áirítear reacht bhanc ceannais náisiúnta na Cróite, ag luí go hiomlán le hAirteagail 130 agus 131 CFAE agus le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

PUBLIC

Scrúdaíodh freisin **tosca breise**, dá dtagraítear sa Chonradh, lena n-áirítear forbairtí i gcomhardú na n-íocaíochtaí agus comhtháthú táirgí agus comhtháthú an mhargaidh airgeadais. Tá geilleagar na Cróite comhtháite go maith laistigh de gheilleagar an Aontais, ach in 2021, áfach, moladh don Chróit grinn-athbhreithniú a dhéanamh faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha toisc go raibh an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (NIIP), an costas aonad saothair (ULC), fás na bpraghsanna tithe, agus táscairí ollfhiachais ghinearálta rialtais ar fad os cionn a dtairseacha táscacha faoi seach. Mar sin féin, léiríonn torthaí an Ghrinn-Athbhreithnithe (IDR) a rinne an Coimisiún in 2022 gur cuireadh deireadh arís le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha in 2021. Ba cheart do RRP na Cróite athchóirithe a éascú i réimsí éagsúla agus tacú ar an gcaoi sin lena thuilleadh den leachtú míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a dhéanamh sa mheántéarma. I ngeall ar an téarnamh, tháinig laghdú ar an gcóimheas fiachais phríobháidigh freisin, agus chuaigh sé ar ais gar go maith don leibhéal a bhí ann sular tharla an phaindéim. Tá fiachas teaghlaigh agus corparáideach araon faoi bhun tairseacha stuamachta cé go bhfuil siad fós os cionn na leibhéal bunúsacha atá molta. Tháinig feabhas ar an gcomhardú seachtrach agus tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta (NIIP) ar a bealach suas arís. Ba cheart go gcuideodh na hathchóirithe atá sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta le feabhas a chur ar an gcreat fioscach, ar éifeachtacht costais san earnáil phoiblí, ar an rochtain ar mhaoiniú, agus go neartóidís a chreat chun an sciúradh airgid a chomhrac agus an timpeallacht ghnó. Ina theannta sin, táthar ag súil go méadóidh siad acmhainneacht onnmhairithe an gheilleagair, rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, agus go gcuirfidh siad borradh faoin táirgiúlacht fhadtéarmach. Ba cheart do na húdaráis a áirithiú go ndéanfar na hathchóirithe atá beartaithe sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme go tráthúil agus ina n-iomláine.

I bhfianaise na hanailíse sin, tá Airí Ecofin ar aon fhocal leis an gCoimisiún agus le BCE go bhfuil comhoiriúnacht dhlíthiúil bainte amach ag an gCróit agus go n-urramaíonn sí na critéir chóineasaithe agus measann siad – agus na tosca breise á gcur san áireamh – go gcomhlíonann an Chróit na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh.


PUBLIC

Chuir na hairí i bhfios go láidir freisin an tábhacht a bhaineann leis na gealltanais iar-iontrála a rinne an Chróit i mí Iúil 2020 nuair a ghabh sí isteach in ERM-II; measadh na gealltanais sin a bheith fíor-ábhartha le hardleibhéal den chóineasú eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach agus le go n-éireodh go geal leis an gCróit sa treas céim den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadais. Áirítear ansin go háirithe bearta lena neartófar an creat frithsciúrtha airgid d'aithle trasuí an 5ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid, laghdú ar ualach riaracháin agus airgeadais an gheilleagair trí bhíthin tuilleadh simplithe ar na nósanna imeachta riaracháin, laghdú ar mhuirir pharaifhioscacha agus neamhchánach, agus feabhas ar rialachas corparáideach na bhfiontar atá faoi úinéireacht Stáit; agus neartú an chreata náisiúnta dócmhainneachta i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1023.

Tacaíonn na hairí leis na tograí ón gCoimisiún maidir le maolú na Cróite a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 agus is díol sásaimh dóibh méadú an limistéir euro agus an Chróit ann.

Is díol sásaimh do na hairí, a dhéanann ionadaíocht thar ceann na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, an moladh a ghlac Comhaltaí na Comhairle. Molann siad go láidir d'údaráis na Cróite beartas fioscach a shaothrú, don tréimhse tar éis 2023, a dhíreoidh ar sheasaimh fhioscacha mheántéarmacha stuama a bhaint amach agus tuilleadh athchóirithe struchtúracha agus infheistíochtaí a chur chun feidhme a áirítear i RRP na Cróite, mar aon le beartais fhónta mhicreastuamachta agus mhacrastuamachta chun an cóineasú inbhuanaithe a choimeád ar bun, go háirithe an cóineasú boilscithe, agus chun rannpháirtíocht rathúil san aontas airgeadaíochta a áirithiú. Is díol sásaimh do na hairí a thiomanta atá údaráis na Cróite don mhéid sin.